



**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Eanáir 2026 – Euro Asia Cargo v an Chomhairle**

(Cás T-232/24) <sup>(1)</sup>

**(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine – Toirmisc maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide – Liostaí nan daoine, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na dtoirmeasc – Áireamh agus coinneáil ainm an iarratasóra ar na liostaí – Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2014/512 agus Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 – An ceart chun éisteacht a fháil – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid mheasúnaithe – Saoirse chun gnó a sheoladh)**

(C/2026/1072)

Teanga an cháis: an Béarla

**Páirtithe**

**Iarratasóir:** Euro Asia Cargo Private Ltd (Colombo, Srí Lanca) (ionadaithe: F. Wolf agus T. Ackermann, Dlíodóirí)

**Cosantóir:** Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: P. Pecheux agus E. Nadbath, Gníomhairí)

**Idiragraithe, mar thaca leis an gcosantóir:** Poblacht na Fraince (ionadaithe: B. Travard agus P. Boccanfuso, Gníomhairí), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Carpus-Carcea agus L. Puccio, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí na gníomhartha seo a leanas ar neamhní a mhéid a bhaineann siad leis:

- Cinneadh (CBES) 2024/746 ón gComhairle an 23 Feabhra 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/746), agus Rialachán (AE) 2024/745 ón gComhairle an 23 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/745);
- Cinneadh (CBES) 2024/1744 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1744), agus Rialachán (AE) 2024/1745 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1745);
- Cinneadh (CBES) 2024/2026 ón gComhairle an 22 Iúil 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/2026);
- Cinneadh (CBES) 2025/175 ón gComhairle an 27 Eanáir 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/175);
- Cinneadh (CBES) 2025/394 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/394), agus Rialachán (AE) 2025/395 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/395);
- Cinneadh (CBES) 2025/931 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/931), agus Rialachán (AE) 2025/932 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/932).

<sup>(1)</sup> IO C, C/2024/3788, 24.6.2024.

**An chuid oibríochtúil**

1. Díbhtear an chaingean.
  2. Ordaítear do Euro Asia Cargo Private Ltd a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh a íoc.
  3. Ordaítear do Phoblacht na Fraince agus don Choimisiún Eorpach a gcostais féin a íoc.
-